Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0369(NLE)**

**13916/1/20**
**REV 1**

**UK 115**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 833 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 164 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le láithreacht an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 833 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2020) 833 final/2

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 27.1.2021
COM(2020) 833 final/2

2020/0369 (NLE)

COM(2020) 833 final of 10.12.2020 downgraded on 27.1.2021

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 164 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le láithreacht an Aontais**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Molann an Coimisiún go bhformheasfaidh an Chomhairle an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") i dtaca le cinneadh ó Chomhchoiste i ndáil leis na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar ('an Prótacal').

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

Leis an gcéad mhír d'Airteagal 12 den Phrótacal cuirtear an fhreagracht ar an Ríocht Aontaithe as na forálacha i ndlí an Aontais a dhéantar infheidhme leis an bPrótacal a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. De réir an dara mír d'Airteagal 12, tá an ceart ag ionadaithe den Aontas a bheith i láthair i rith aon ghníomhaíochtaí de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe a bhaineann le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm forálacha i ndlí an Aontais a dhéantar infheidhme leis an bPrótacal sin, mar aon le gníomhaíochtaí a bhaineann le hAirteagal 5 a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, agus cuirfidh an Ríocht Aontaithe gach faisnéis ábhartha a bhaineann le gníomhaíochtaí den sórt sin ar fáil, arna hiarraidh sin, ós amhlaidh atá sé d'oibleagáid ar an Ríocht Aontaithe láithreacht na n-ionadaithe sin den Aontas a éascú, cuirfidh sí an fhaisnéis sin ar fáil dóibh agus déanfaidh sí bearta rialaithe arna n-iarraidh sin d'ionadaithe den Aontas.

Tá láithreacht an Aontais, a bhunaítear le hAirteagal 12 den Phrótacal, ceaptha chun a áirithiú gur féidir leis an Aontas faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme dhlí an Aontais, a dhéantar infheidhme i ndáil le Tuaisceart Éireann, ag údaráis na Ríochta Aontaithe. Luaitear go sainráite in Airteagal 12(4) den Phrótacal go bhfuil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, lena n-áirítear go háirithe Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa, na cumhachtaí céanna a thugtar dóibh le dlí an Aontais i dtaca leis sin.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### Socruithe oibre praiticiúla maidir le feidhmiú na gceart de bhun Airteagal 12(2) den Phrótacal

Ionas go mbeidh éifeacht leis na cearta a dheonaítear le hAirteagal 12(2) den Phrótacal, leis na socruithe oibre praiticiúla a leagtar amach i gCinneadh ón gComhchoiste foráiltear don méid a leanas

– pribhléidí agus díolúintí i ndáil le hionadaithe den Aontais a fheidhmíonn na cearta sin den Aontas;

– módúlachtaí chun faisnéis a iarraidh

– rochtain leictreonach ghinearálta ar chórais TF na Ríochta Aontaithe atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Phrótacail; agus na

– módúlachtaí chun bearta rialaithe a iarraidh.

Go sonrach, níl feidhmiú na gceart de bhun Airteagal 12(2) teoranta do Thuaisceart Éireann, ach baineann sé le haon ghníomhaíocht a dhéanann údaráis na Ríochta Aontaithe i gcur chun feidhme an Phrótacail gan beann ar a suíomh.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis is ea an cinneadh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 166 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

Leis an gCinneadh maidir le 'láithreacht an Aontais" leagtar síos na coinníollacha chun an Comhaontú um tharraingt siar a chur chun feidhme, tugadh an Comhaontú i gcrích ar bhonn Airteagal 50 CAE. Ós rud é gur comhaontú trádála idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas é an Prótacal maidir le Tuaisceart Éireann, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí freisin.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 50 CAE agus Airteagal 207 CFAE bunúis dlí shubstainteacha an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 50 CAE agus Airteagal 207 CFAE a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go mbaineann cinneadh an Chomhchoiste le cur chun feidhme fhorálacha substainteacha an Phrótacail, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0369 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 164 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le láithreacht an Aontais**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas i gcrích an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") le Cinneadh (AE) 2020/135[1] ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) Le hAirteagal 166 den Chomhaontú um Tharraingt Siar tugtar de chumhacht don Chomhchoiste cinntí a ghlacadh maidir leis na hábhair uile dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Tá an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ("an Prótacal") ina dhlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

(3) Bunaítear le hAirteagal 12(2) den Phrótacal an ceart ag ionadaithe den Aontas a bheith i láthair i rith aon ghníomhaíochtaí de chuid na Ríochta Aontaithe a bhaineann le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm forálacha i ndlí an Aontais a dhéantar infheidhme leis an bPrótacal, mar aon le gníomhaíochtaí a bhaineann le hAirteagal 5 den Phrótacal. Foráiltear go sonrach leis don cheart chun faisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a iarraidh ó údaráis na Ríochta Aontaithe agus chun iarraidh ar na húdaráis sin bearta rialaithe a dhéanamh.

(4) Foráiltear in Airteagal 12(3) den Phrótacal do chinneadh ón gComhchoiste lena leagtar amach na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart a dheonaítear leis an bPrótacal i ndáil leis sin. Ba cheart a áirithiú leis na socruithe oibre sin go

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch.1.

mbeidh ionadaithe an Aontais in ann na cearta a leagtar síos in Airteagal 12(2) den Phrótacal a fheidhmiú go héifeachtach.

(5) Is gá na cúinsí uathúla atá ar oileán na hÉireann a chur san áireamh maidir le láithreacht an Aontais a bheartaítear leis an bPrótacal, agus cearta ionadaithe den Aontas á bhfeidhmiú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar cheannasacht eachtrach a urramú, agus go háirithe, ar Chomhaontú Aoine an Chéasta nó Comhaontú Bhéal Feirste an 10 Aibreán 1998 a urramú freisin.

(6) Is iomchuí dá bhrí sin an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 164 den Chomhaontú Um Tharraingt Siar, maidir le cinneadh atá le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 den Phrótacal.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*